

## Caitheamh Aimsire 6 An Aimsir Chaite Inné

### ina gcónaí

- 1 Bhí beirt deartháireacha agus deirfiúr agam ina gcónaí in Sydney san Astráil.
- 2 Aistear fada a bhí ann ach chuaigh mise, mo mháthair agus m'athair ar saoire leis an triúr acu.

### leagtha amach

- 3 Dúirt an triúr go raibh saoire eachtraíochta leagtha amach acu dúinn.
- 4 Fuair siad veain campála ar cíos agus ghealladar go raibh saoire iontach romhainn.

### ag campáil

- 5 Bhíomar/Bhí muid ag campáil agus seo muid ag cócaráil ar bheárbaiciú.
- 6 Bhí ispíní agus feoil na hAstráile ana bhlasta.

### ag canúáil

- 7 Chuamar/Chuaigh muid ag canúáil cúpla uair.
- 8 Thaitin na radharcanna ar an abhainn linn. (radhairc)

### Chaith ag cadhcáil

- 9 Chaitheamar/Chaith muid lá ar chadhc. Bhí ana spórt againn ag cadhcáil.
- 10 Thainig mo dheartháir is sine anuas abhainn lena chairde.

### D'fhéach ag surfáil eitleoige

- 11 D'fhéachas ar mo dheartháir is sine ag surfáil eitleoige.
- 12 Ní raibh sé chomh maith leis an bhfear a bhí in aice leis.

### ag seoltóireacht

- 13 Chaith muid cúpla lá ag seoltóireacht le taobh an chladaigh. Bhí se sin iontach faoi theas na gréine.
- 14 Bhíomar/Bhí muid ag tumadh domhain san uisce i measc na n-iasc. B'iontach an radharc a bhí againn.

### ag uaimheadóireacht

- 15 Shocraigh muid dul ag uaimheadóireacht lá. Thaitin sin go mór le Mamaí.
- 16 Chuamar/Chuaigh muid ag uaimheadóireacht lá le grúpa mór. Chuamar isteach sna huaimheanna.

### Dhein

- 17 Dhein m'athair léim bhuinsí. Bhí sé ag béiceadh.
- 18 Dhein mo mháthair léim tar éis tamaill. Bhí sí ana shásta léi féin tar éis na léime.

### D'fhill

- 19 Tháinig lá na ndeora agus d'fhillimid/d'fhill muid abhaile tar éis trí seachtaine.

20 Bhí mé ag smaoineamh ar na saghsanna caitheamh aimsire a bhí ag muintir na hAstráile nuair a chuir an múinteoir ceist orm. Oops!

## Foclóir

### ina gcónaí / living

- 1 beirt deartháireacha / two brothers deirfiúr / sister
- 2 aistear fada / long journey chuaigh mise / I went mo mháthair / my mother m'athair / my father

### leagtha amach / planned

- 3 dúirt / siad an triúr / the three saoire eachtraíochta / an activity holiday dúinn / for us

- 4 fuair siad / they got veain campála / a camper van ar cíós / to rent gheall siad / they promised  
**ag campáil / camping**
- 5 ag cócaráil / cooking ar bheárbaiciú / on a barbecue
- 6 ispíní / sausages feoil na hAstráile / Australian meat ana bhlasta / very tasty  
**ag canúáil / canoeing**
- 7 cúpla uair / a couple of times
- 8 thaitin / liked radharcanna / radhairc / views ar an abhainn / on the river  
**Chaith / spent ag cadhcáil / kayaking**
- 9 lá / a day ana spórt / great fun
- 10 lena chairde / with his friends  
**D'fhéach / watched ag surfáil eitleoige / kite surfing**
- 11 mo dheartháir is sine / my oldest brother
- 12 ní raibh sé / he wasn't chomh maith / as good leis an bhfear a bhí in aice leis / as the man who was beside him  
**ag seoltóireacht / sailing**
- 13 le taobh an chladaigh / by the side of the shore faoi theas na gréine / under the heat of the sun
- 14 ag tumadh / diving domhain / deep san uisce / in the water i measc na n-iasc / among the fish  
**ag uaimheadóireacht / caving**
- 15 shocraigh muid / we decided Mamaí / Mammy
- 16 grúpa mór / a big group isteach sna huaimheanna / into the caves  
**Dhein / made**
- 17 léim bhuinsí / bungee jump ag béiceadh / screaming
- 18 tar éis tamaill / after a while ana shásta léi féin / very happy with herself  
**D'fhill / returned**
- 19 lá na ndeora / the rain abhaile / home tar éis trí seachtaine / after three weeks
- 20 ag smaoineamh / thinking saghsanna caitheamh aimsire / kind of hobbies an múinteoir / the teacher

## Caitheamh Aimsire 6 An Aimsir Fháistineach Amárach

### ina gcónaí

- 1 Tá beirt deartháireacha agus deirfiúr agam ina gcónaí in Sydney san Astráil.
- 2 Aistear fada a bheidh ann ach rachaidh mise, mo mháthair agus m'athair ar ais ar saoire leis an triúr acu.

### leagtha amach

- 3 Beidh eachtraíocht nua leagtha amach acu dúinn gach aon lá.
- 4 Beidh veain campála ar cíós acu agus beidh saoire iontach romhainn.

### ag campáil

- 5 Beimid/Beidh muid ag campáil agus beidh muid ag cócaráil ar bheárbaiciú gach aon lá.
- 6 Táim ag súil go mór leis na beárbaiciúnna faoi theas na gréine.

### ag canúáil

- 7 Rachaimid/Rachaidh muid ag canúáil cúpla uair.
- 8 Taitneoidh an canúáil go mór le mo thuismitheoirí.

### Caithfidh ag cadhcáil

- 9 Caithfidh/Caithfidh muid lá ar chadhc. Beidh ana spórt againn ag cadhcáil.
- 10 Seo mo dheartháir is sine ag teacht anuas abhainn lena chairde anuraidh.  
**Bainfidh mé triail foghlaimeoidh**
- 11 Beidh Daidí agus mo dheartháir is sine ag surfáil eitleoige.
- 12 Bainfidh mé triail as an surfáil eitleoige i mbliana agus foghlaimeoidh mé ón bhfear seo.  
**ag seoltóireacht**
- 13 Caithfidh/Caithfidh muid cúpla lá ag seoltóireacht le taobh an chladaigh. Beidh sin go hiontach faoi theas na gréine.
- 14 Beimid/Beidh muid ag tumadh domhain san uisce i measc na-iasc. Is iontach an radharc a bheas/bheidh againn.  
**ag uaimheadóireacht**
- 15 Rachaimid/Rachaidh muid ag uaimheadóireacht lá. Taitneoidh sé sin go mór le Mamaí.
- 16 Rachaimid/ Rachaidh muid ag uaimheadóireacht lá eile le grúpa mór. Beimid ag diul isteach sna huaimheanna.  
**ag léim**
- 17 Déanfaidh m'athair léim bhuinsí. Beidh sé ag béiceadh ó thuas go deireadh.
- 18 Déanfaidh mo mháthair léim chomh maith. Bhí sí ana shásta léi féin anuraidh tar éis na léime.  
**Fillfidh**
- 19 Tiocfaidh lá na ndeora agus fillfidh/ fillfidh muid abhaile tar éis trí seachtaine.
- Beidh saoire iontach againn san Astráil. Ní féidir liom fanacht ar na saghsanna caitheamh aimsire atá romham.
- 20 Oops! "Cad a dúirt an múinteoir?"

## Foclóir

### ina gcónaí / living

- 1 beirt deartháireacha / two brothers deirfiúr / sister
- 2 aistear fada / long journey rachaidh mise / I will go mo mháthair / my mother m'athair / my father

### leagtha amach / planned

- 3 eachtraíocht nua / new activity gach aon lá / every day
- 4 veain campála / a camper van ar cíós / to rent saoire iontach/ great holiday

### ag campáil / camping

- 5 ag cócaráil / cooking ar bheárbaiciú / on a barbecue
- 6 ag súil go mór / looking forward to

### ag canúáil / canoeing

- 7 cúpla uair / a couple of times
- 8 taitneoidh / will like mo thuismitheoirí / my parents

### Caithfidh / will spend ag cadhcáil / kayaking

- 9 lá / a day ana spórt / great fun
- 10 lena chairde / with his friends anuraidh / last year

### Bainfidh mé triail / I will try foghlaimeoidh / will learn

- 11 mo dheartháir is sine / my oldest brother Daidí / Daddy
- 12 i mbliana / this year ón bhfear seo / from this man  
**ag seoltóireacht / sailing**

- 13 le taobh an chladaigh / by the side of the shore faoi theas na gréine / under the heat of the sun

- 14 ag tumadh / diving domhain / deep san uisce / in the water i measc na n-iasc / among the fish  
**ag uaimheadóireacht / caving**
- 15 Mamaí / Mammy
- 16 grúpa mór / a big group isteach sna huaimheanna / into the caves  
**ag léim / jumping**
- 17 léim bhuinsí / bungee jump ag béiceadh / screaming ó thús go deireadh / from start to finish
- 18 ana shásta léi féin / very happy with herself  
**Fillfidh / will return**
- 19 lá na ndeora / the rain abhaile / home tar éis trí seachtaine / after three weeks
- 20 saghsanna caitheamh aimsire / kind of hobbies an múinteoir / the teacher

## Caitheamh Aimsire 6 An Aimsir Láithreach Gach lá

### ina gcónaí

- 1 Tá beirt deartháireacha agus deirfiúr agam ina gcónaí in Sydney san Astráil.
- 2 Aistear fada a bhíonn ann ach téimse/téann mise agus mo thuismitheoirí ann beagnach gach aon chúpla bliain.

### leagtha amach

- 3 Bíonn eachtraíocht nua leagtha amach acu dúinn gach aon lá.
- 4 Bíonn veain campála ar cíos acu agus bíonn saoire iontach againn.

### ag campáil

- 5 Bíonn muid ag campáil agus bímid/bíonn muid ag cócaráil ar bheárbaiciú gach aon lá.
- 6 Táim ag súil go mór leis na beárbaiciúnna faoi theas na gréine i mbliana arís.

### ag canúáil

- 7 Téimid/Téann muid ag canúáil babhtaí.
- 8 Taitníonn an canúáil go mór le mo thuismitheoirí.

### Caitheann ag cadhcáil

- 9 Caithimid lá ar chadhc. Bíonn ana spórt againn ag cadhcáil.
- 10 Seo mo dheartháir is sine ag teacht anuas abhainn lena chairde anuraidh.

### Bíonn ag surfáil eitleoige

- 11 Bíonn Daidí agus mo dheartháir is sine ag surfáil eitleoige.
- 12 Bainim fein triail as an surfáil eitleoige ach féach ar an bhfear in aice liom.

### ag seoltóireacht

Caithimid/Caitheann muid cúpla lá ag seoltóireacht le taobh an chladaigh. Bíonn sin go hiontach faoi theas na gréine.

13

- 14 Bímid/Bíonn muid ag tumadh domhain san uisce i measc na n-iasc. B'iontach an radharc a bhíonn againn.

### ag uaimheadóireacht

- 15 Téimid/Téann muid dul uaimheadóireacht lá. Taitníonn sin go mór le Mamaí.
- 16 Téann muid ag uaimheadóireacht lá eile le grúpa mór. Bímid/Bíonn muid istigh sna huaimheanna.

### ag léim

- 17 Déanann m'athair léim bhuinsí. Béiceann sé ó thuas go deireadh.
- 18 Déanann mo mháthair léim chomh maith. Bíonn sí ana shásta léi féin gach aon bhliain tar éis na léime.

## Filleann

- 19 Tagann lá na ndeora agus fillimid/filleann muid abhaile tar éis trí seachtaine.  
Bíonn saoire iontach againn san Astráil. Ní féidir liom fanacht ar na saghsanna caitheamh aimsire atá romham.
- 20 Oops! "Cad a dúirt an múinteoir?"

## Foclóir

### ina gcónaí / living

- 1 beirt deartháireacha / two brothers deirfiúr / sister beagnach / nearly mo thuismitheoirí / my parents

- 2 aistear fada / long journey téann mise / I go gach aon chúpla bliain / every couple of years

### leagtha amach / planned

- 3 eachtraíocht nua / new activity gach aon lá / every day

- 4 veain campála / a camper van ar cíos / to rent saoire iontach / great holiday

### ag campáil / camping

- 5 ag cócaráil / cooking ar bheárbaiciú / on a barbecue

- 6 ag súil go mór / looking forward to arís / again

### ag canúáil / canoeing

- 7 corruair / sometimes

- 8 taitníonn / like mo thuismitheoirí / my parents

### Caitheann / spend ag cadhcáil / kayaking

- 9 lá / a day ana spórt / great fun

- 10 lena chairde / with his friends anuraidh / last year

### Bíonn / Does be ag surfáil eitleoige / kite surfing

- 11 mo dheartháir is sine / my oldest brother Daidí / Daddy

- 12 bainim féin triail as / I try it féach ar an bhfear in aice liom / look at the man beside me

### ag seoltóireacht / sailing

- 13 le taobh an chladaigh / by the side of the shore faoi theas na gréine / under the heat of the sun

- 14 ag tumadh / diving domhain / deep san uisce / in the water i measc na n-iasc / among the fish

### ag uaimheadóireacht / caving

- 15 Mamaí / Mommy

- 16 grúpa mór / a big group istigh sna huaimheanna / in the caves

### ag léim / jumping

- 17 léim bhuisí / bungee jump béiceann / screams ó thús go deireadh / from start to finish

- 18 ana shásta léi féin / very happy with herself

### Filleann / return

- 19 lá na ndeora / the rain abhaile / home tar éis trí seachtaine / after three weeks

- 20 saghsanna caitheamh aimsire / kind of hobbies an múinteoir / the teacher

## Caitheamh Aimsire 6 An t-Ainm Briathartha Anois

### ina gcónaí

- 1 Tá beirt deartháireacha agus deirfiúr agam atá ina gcónaí in Sydney san Astráil.
- 2 Is aistear fada é ach táimse/tá mise, mo mháthair agus m'athair ar saoire leis an triúr acu.

### leagtha amach

- 3 Deir an triúr go bhfuil saoire eachtraíochta leagtha amach acu dúinn.
- 4 Tá veain campála ar cíós acu agus tá saoire iontach romhainn.

### ag campáil

- 5 Seo sinne/muid ag campáil agus táimid ag cócaráil ar bheárbaiciú.
- 6 Tá ispiní agus feoil na hAstráile ana bhlasta.

### ag canúáil

- 7 Táimid ag canúáil anois.
- 8 Tá na radharcanna go hálainn ar an abhainn. (radhairc)

### ag cadhcáil

- 9 Inniu táimid ar chadhc. Is iontach bheith ag cadhcáil.
- 10 Seo é mo dheartháir is sine ag cadhcáil anuas abhainn.

### ag surfáil eitleoige

- 11 Seo é mo dheartháir is sine ag surfáil eitleoige.
- 12 Níl sé chomh maith leis an bhfear atá in aice leis.

### ag seoltóireacht

- 13 Tá gach duine ag seoltóireacht inniu. Táimid ag seoladh le taobh an chladaigh.
- 14 Táimid ag tumadh domhain san uisce i measc na-iasc. Is iontach an radharc atá againn.

### ag uaimheadóireacht

- 15 Táimid le grúpa mór atá ag uaimheadóireacht
- 16 Tá an grúpa seo ag dul isteach in uaimh. Tá siad ag uaimheadóireacht.

### ag léim

- 17 Seo é m'athair ag déanamh léim bhuinsí. Tá sé ag béiceadh.
- 18 Seo í mo mháthair ag déanamh léim bhuinsí. Tá sí ana shásta léi féin.

### ag filleadh

- 19 Tá lá na ndeora ann agus Táimid ag filleadh abhaile tar éis trí seachtaine..

Táim ar ais sa seomra ranga ag smaoineamh ar na saghsanna caitheamh aimsire atá ag muintir na hAstráile.  
20 Oops! Tá an múinteoir ag breathnú orm.

## Foclóir

### ina gcónaí / living

- 1 beirt deartháireacha / two brothers deirfiúr / sister
- 2 aistear fada / long journey mise / me mo mháthair / my mother m'athair / my father

### leagtha amach / planned

- 3 an triúr / the three of them saoire eachtraíochta / activity holiday

- 4 veain campála / a camper van ar cíos / to rent saoire iontach / great holiday  
**ag campáil / camping**
- 5 ag cócaráil / cooking ar bheárbaiciú / on a barbecue
- 6 Ispíní / sausages feoil na hAstráile / Australian meat ana bhlasta / very tasty  
**ag canúáil / canoeing**
- 7 anois / now
- 8 radharcanna go háilainn / views are beautiful ar an abhainn / on the river  
**ag cadhcáil / kayaking**
- 9 inniu / today iontach / great
- 10 anuas abhainn / down a river  
**ag surfáil eitleoige / kite surfing**
- 11 mo dheartháir is sine / my oldest brother
- 12 níl sé chomh maith / he is not as good leis an bhfear atá in aice leis / as the man beside him  
**ag seoltóireacht / sailing**
- 13 gach aon duine / everyone taobh an chladaigh / by the side of the shore
- 14 ag tumadh / diving domhain / deep san uisce / in the water i measc na n-iasc / among the fish  
**ag uaimheadóireacht / caving**
- 15 grúpa mór / a big group
- 16 ag dul isteach in uaimh / going in to a cave  
**ag léim / jumping**
- 17 léim bhuinsí / bungee jump ag béiceadh / screaming
- 18 ana shásta léi féin / very happy with herself  
**ag filleadh / returning**
- 19 lá na ndeora / the rain abhaile / home tar éis trí seachtaine / after three weeks
- 20 sa seomra ranga / in the classroom saghsanna caitheamh aimsire / kind of hobbies an múinteoir / the teacher

## Notaí Breise

saoire + eachtraíocht = saoire eachtraíochta (TG – two nouns coming together)

veain + campáil = veain campála (TG – two nouns coming together)

feoil + an Astráil = feoil na hAstráile (TG)

faoi + teas = faoi theas (insert a h)

faoi theas + an ghrian = faoi theas na gréine (TG)

tar éis + tamall = tar éis tamaill (TG)

tar éis + an léim = tar eis na léime (TG)

[anmúinteoir ©](#)

*Digital Resource for Teachers, Students and Parents*

This content is protected by Digital Copyright Laws. Reproduction and distribution of this content without written permission of anmúinteoir is prohibited.